# CHÚIRT GHINEARÁLTA

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 6 Aibreán 2022 – Cilem Records International v EUIPO – KVZ Music (HALIX RECORDS)**

**(Cás T-118/21)** [1]

(2022/C 222/45)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

(1) IO C 128 an 12.4.2021.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 6 Aibreán 2022 – Biogena v EUIPO – Alter Farmacia (NUTRIFEM AGNUBALANCE)**

**(Cás T-370/21)** [1]

(2022/C 222/46)

*Teanga an cháis: an Béarla*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

(1) IO C 329 an 16.8.2021.

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 25 Márta 2022 – Saure v an Coimisiún**

**(Cás T-151/21)** [1]

***(Caingean le haghaidh neamhniú – Rochtain ar dhoiciméid – Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 – Comhfhreagras an Choimisiúin maidir le cainníochtaí agus amanna seachadta na vacsaíní COVID-19 BioNTech SE – Diúltú tosaigh – Acht nach bhfuil faoi réir achomhairc – Iarratas don saghas ordaithe atá á lorg a mhodhnú – Inghlacthacht an chaingean ag an am a tugadh a mheas – Do-ghlacthacht fhollasach)***

(2022/C 222/47)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Hans-Wilhelm Saure (Beirlín, an Ghearmáin) (ionadaí: C. Partsch, Dlíodóir)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: A. Spina, K. Herrmann agus G. Gattinara, i gcáil Gníomhairí)

## Maidir le:

Trína gcaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarann an t-iarratasóir go gcuirfear an litir ón gCoimisiún Eorpach, an 27 Eanáir 2021, ar leataobh, lena ndiúltaítear iarratas tosaigh le haghaidh rochtain ar dhoiciméid áirithe.

## An chuid oibríochtúil

1. Diúltaítear don chaingean as bheith do-ghlactha go follasach.
2. Íocfaidh Hans-Wilhelm Saure as a chostais féin chomh maith leis na costais a thabhóidh an Coimisiún Eorpach, agus siúd a bhaineann leis na hiarrataí chun an t-iarratas a mhodhnú agus íocfaidh an Coimisiún Eorpach as a chostais féin a bhaineann leis an iarratas.

(1) IO C 189, 17.5.2021.